# NA HACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA 1998–2015

Treoir faoi do chearta má dhéantar idirdhealú ort san ionad oibre nó nuair atá post á lorg agat



**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**
Irish Human Rights and Equality Commission

GA

**Arna foilsiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.**

**An 2ú heagrán, Deireadh Fómhair 2020.**

Cóipcheart © Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2020

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas faoi reacht ar an 1 Samhain 2014 chun cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn, chun cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, chun tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn, agus chun oibriú i dtreo mí  úsáidí chearta an duine agus idirdhealú a dhíbirt.

ISBN 978 0 9957296 5 0



# NA HACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA 1998-2015

Treoir faoi do chearta má dhéantar idirdhealú ort san ionad oibre nó nuair atá post á lorg agat

# AN CLÁR

**An Réamhrá** 4

**Forléargas ar na hAchtanna** 6

Raon feidhme na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 7

Forais Idirdhealaitheacha 9

Cineálacha Idirdhealaithe 12

Pá Comhionann 14

Gnéaschiapadh agus Ciapadh 14

Míchumas: Freastal Réasúnta 16

Gníomhaíocht dhearfach 17

Íospairt 18

Dliteanas Ionadach 19

Fógraíocht Idirdhealaitheach 20

**Díolúintí** 21

**Éileamh a Dhéanamh** 27

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas** 33

# An Réamhrá



## AN RÉAMHRÁ

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) an 1 Samhain 2014 mar an comhlacht neamhspleách reachtúil chun cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn in Éirinn. Tá ról sonrach againn chun an t-idirdhealú a chomhrac agus comhdheiseanna a chur chun cinn sna réimsí a chumhdaítear sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 ('na hAchtanna'). Tá ról againn freisin eolas a chur ar fáil faoi na hAchtanna.

Mínítear príomhghnéithe na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta sa leabhrán eolais seo. Tá sé d'aidhm ag na hAchtanna seo daoine a chosaint ar chineálacha áirithe idirdhealaithe, ciaptha agus gnéaschiaptha a d'fhéadfadh tarlú san ionad oibre. Tá treoir céim ar chéim sa leabhrán seo freisin faoin gcaoi le do chearta a éileamh faoi na hAchtanna, má chreideann tú go ndearnadh idirdhealú ort san ionad oibre.

**Leagtar amach príomhghnéithe na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 sa leabhrán seo, chun críocha eolais. Ní cáipéis dlí í.**

# Forléargas ar na hAchtanna



## RAON FEIDHME NA N-ACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA

### Sainmhíniú ar na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta

Déanann na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015:

- comhionannas a chur chun cinn;
- cosc a chur ar idirdhealú (le roinnt díolúintí) faoi naoi bhforas;
- cosc a chur ar ghnéaschiapadh agus ciapadh faoi naoi bhforas;
- cosc a chur ar íospairt;
- freastal réasúnta a éileamh do dhaoine atá faoi mhíchumas maidir le rochtain, rannpháirtíocht agus oiliúint i bhfostaíocht;
- bearta gníomhaíochta dearfaí a cheadú chun comhionannas iomlán a chinntiú do na naoi bhforas.

Cuireann na hAchtanna na Treoracha seo a leanas ón Aontas Eorpach i bhfeidhm freisin: Treoir an Chreata[1], an Treoir Athmhúnlaithe maidir le hInscne[2], agus an Treoir maidir le Cine[3].

---

1. Treoir 2000/78/CE an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta maidir leis an gcóir chomhionann i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha.

2. Treoir 2006/54/CE an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal na gcomhdheiseanna agus an chaithimh chomhionainn le fir agus le mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (athmhúnlú).

3. Treoir 2000/43/CE an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme prionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach.

Áirítear leis na gnéithe fostaíochta a chumhdaítear:

- fógraíocht do phoist;
- pá comhionann;
- rochtain ar fhostaíocht;
- gairmoiliúint agus taithí oibre;
- téarmaí agus coinníollacha fostaíochta;
- ardú céime nó athghrádú;
- aicmiú post;
- dífhostú;
- comhaontuithe comhchoiteanna.

Tá na hAchtanna i bhfeidhm orthu seo a leanas:

- fostaithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha;
- fostaithe san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach;
- comhlachtaí gairmoiliúna;
- gníomhaireachtaí earcaíochta agus fostaíochta;
- ceardchumainn, comhlachtaí gairmiúla agus ceirde.

Baineann na hAchtanna leo seo a leanas freisin:

- conraitheoirí féinfhostaithe;
- páirtithe i gcomhpháirtíochtaí;
- sealbhóirí oifige stáit agus údaráis áitiúil.

Ní bhaineann na hAchtanna le hoibrithe deonacha.



# FORAIS IDIRDHEALAITHEACHA

Cuireann na hAchtanna cosc ar idirdhealú ar fhorais shonracha.

Go hiondúil, tarlaíonn idirdhealú nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile i gcás cosúil leis, mar go bhfuil siad difriúil ar cheann de na forais seo a leanas:

An **'foras inscne'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas inscne nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar gur bean duine amháin agus fear an duine eile.

Cosnaítear mná torracha nó mná ar shaoire mháithreachais faoin bhforas inscne freisin.

Faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, cosnaítear duine trasghnéasach a fhulaingíonn idirdhealú mar gheall ar a athshannadh inscne, nó aistriú, faoin bhforas inscne.

An **'foras stádais shibhialta'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas stádais shibhialta nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann stádas sibhialta dóibh. Sainmhínítear 'stádas sibhialta' faoi na hAchtanna mar dhuine singil, pósta, scartha nó colscartha, ina bhaintreach, i bpáirtnéireacht shibhialta, nó a bhíodh ina pháirtí singil i bpáirtnéireacht shibhialta a chríochnaigh mar gheall ar bhás nó a díscaoileadh.

An **'foras stádais teaghlaigh'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas stádas teaghlaigh nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar go bhfuil stádas teaghlaigh ag duine amháin agus nach bhfuil ag an duine eile. Ciallaíonn 'stádas teaghlaigh' freagracht mar thuismitheoir nó duine *in loco parentis* do dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó freagracht mar thuismitheoir nó príomhchúramóir cónaithe duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine atá faoi mhíchumas agus a dteastaíonn cúram nó tacaíocht uaidh.

An **'foras gnéaschlaonta'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas gnéaschlaonta nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann gnéaschlaonadh dóibh.

Sainmhínítear 'gnéaschlaonadh' mar chlaonadh heitrighnéasach, déghnéasach nó homaighnéasach.

An **'foras creidimh'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas creidimh nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann an creideamh, cúlra nó dearcadh reiligiúin atá ag duine acu agus atá ag an duine eile, nó go bhfuil creideamh, cúlra nó dearcadh reiligiúin ag duine acu agus nach bhfuil ag an duine eile.

An **'foras aoise'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas aoise nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann aois dóibh.

Baineann 'aois' le fostaithe os cionn na huasaoise a bhfuil oibleagáid reachtúil ar dhuine freastal ar an scoil. (Faoi láthair, is é an aois is óige is féidir an scoil a fhágáil 16 bliana d'aois, nó trí bliana d'oideachas iar-bhunscoile a chríochnú, pé ceann is deireanaí).



An **'foras míchumais'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas míchumais nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar go bhfuil míchumas ar dhuine amháin agus nach bhfuil ar an duine eile, nó mar nach ionann an míchumas atá orthu.

Sainmhínítear 'míchumas' go leathan mar riochtaí fisiciúla, intleachtúla, foghlama, cognaíochta nó mothúchánacha agus leighis.

An **'foras cine'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas cine nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar nach ionann cine, dath, náisiúntacht nó bunús eitneach nó náisiúnta dóibh.

An **'foras Lucht Siúil'** – Tarlaíonn idirdhealú ar an bhforas Lucht Siúil nuair a dhéileáiltear le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile, mar gur duine den Lucht Siúil duine amháin agus nach amhlaidh don duine eile.

Sainmhínítear 'duine den Lucht Siúil' mar dhuine de phobal daoine ar a dtugtar an Lucht Siúil go coitianta agus a shainaithnítear (acu féin agus ag daoine eile) mar dhaoine ag a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin i bpáirt, lena n-áirítear, go stairiúil, saol fánaíochta ar oileán na hÉireann.

# CINEÁLACHA IDIRDHEALAITHE

Tá cosc ar chineálacha difriúla idirdhealaithe faoi na hAchtanna. Áirítear ina measc siúd:

## Idirdhealú díreach

Sainmhínítear é sin mar dhéileáil le duine le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile i gcás inchomparáide, mar nach ionann iad faoi cheann ar bith de na naoi bhforas thuasluaite. Is difríocht é sin:

- atá ann faoi láthair;
- a bhíodh ann ach nach bhfuil ann a thuilleadh;
- a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo; nó
- a chuirtear i leith an té lena mbaineann (tarlaíonn sé seo nuair a mheastar go bhfuil duine difriúil faoi na forais shonraithe, cé nach fíor é sin).

## Idirdhealú trí bhainteacht

Tarlaíonn sé seo nuair a dhéileáiltear le duine a bhaineann le duine eile le níos lú fabhair ná mar a dhéileáiltear le duine eile mar go bhfuil an dara duine difriúil faoi cheann de na naoi bhforas.



## Idirdhealú indíreach

Tarlaíonn sé seo nuair is cosúil nach bhfuil foráil, critéar nó cleachtas achrannach ar dtús, ach go gcuirtear duine atá difriúil faoi cheann de na naoi bhforas faoi mhíbhuntáiste ar leith, i gcomparáid le duine eile, mar sin féin.

Ní hionann an fhoráil, an critéar nó an cleachtas sin agus idirdhealú más féidir leis an bhfostóir a léiriú:

1. go bhfuil údar oibiachtúil lena mbaineann aidhm dhlisteanach leis an bhforáil, critéar nó cleachtas; agus
2. go bhfuil na bealaí chun an aidhm sin a bhaint amach cuí; agus
3. go bhfuil na bealaí chun an aidhm sin a bhaint amach riachtanach.

## Idirdhealú treorach

Tarlaíonn sé seo nuair a thugann duine éigin ordú nó treoir do dhuine eile atá spleách air ar bhealach éigin, fostaí mar shampla, chun idirdhealú a dhéanamh ar dhuine eile.

# PÁ COMHIONANN

Foráiltear sna hAchtanna do phá comhionann don chineál céanna oibre. Sainmhínítear an cineál céanna oibre nuair is í an obair chéanna atá i gceist, obair cosúil léi nó gurb ionann luach na hoibre. Is téarma de chuid chonradh fostaíochta gach duine go bhfuil gach duine i dteideal pá comhionann.

Is féidir éilimh pá chomhionainn a dhéanamh ar aon cheann de na naoi bhforas chosanta.

# GNÉASCHIAPADH AGUS CIAPADH

Tá cosc ar ghnéaschiapadh agus ar chiapadh fostaí (oibrithe gníomhaireachta nó daoine faoi oiliúint ina measc) san ionad oibre nó i rith na fostaíochta a dhéanfadh:

(a) fostaí eile;

(b) an fostóir;

(c) cliaint, custaiméirí nó teagmhálaithe gnó eile fostóra. Áirítear leo sin aon duine eile a mbeadh an fostóir réasúnta ag ceapadh go mbeadh an t-íospartach ag plé leo agus go bhfágann cúinsí an chiaptha gur cheart le réasún go mbeadh bearta déanta ag an bhfostóir chun é a chur faoi chois.

Cuireann na hAchtanna cosc ar dhifríocht sa chaoi a ndéileáiltear leis an íospartach toisc gur dhiúltaigh nó gur ghlac siad leis an gciapadh (nó nuair is féidir a mheas go réasúnach go gcaithfí mar sin leo).



## Céard is ciapadh agus gnéaschiapadh ann?

Is ionann ciapadh agus aon chineál iompair labhartha, neamhlabhartha nó fhisiciúil neamh-inmhianaithe a bhaineann le ceann ar bith de na naoi bhforas.

Is ionann gnéaschiapadh agus aon chineáil iompair ghnéasaigh labhartha, neamhlabhartha nó fhisiciúil neamh-inmhianaithe ar bith.

Sa dá chás, is iompar é a bhfuil de chuspóir nó de thionchar aige go sáraítear dínit duine agus go gcruthaítear timpeallacht bhagrach, dhoicheallach, mhaslach, náireach nó ghránna don duine. Sa dá chás, d'fhéadfadh go mbeadh gníomhartha, iarratais, focail labhartha nó gothaí i gceist leis an iompar neamh-inmhianaithe, chomh maith le focail scríofa, ríomhphoist agus teachtaireachtaí téacs, pictiúir nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh.

Is ionann gnéaschiapadh nó ciapadh ar fhostaí a dhéanann fostaí eile, fostóir, cliant, custaiméir nó teagmhálaí gnó eile agus idirdhealú a dhéanann an fostóir.

Is féidir leis an bhfostóir é féin a chosaint trína chruthú gur thóg sé bearta indéanta go réasúnach chun cosc a chur ar an duine ciapadh nó gnéaschiapadh a dhéanamh ar an íospartach.

# MÍCHUMAS: FREASTAL RÉASÚNTA

Tá sé de dhualgas ar fhostóir freastal réasúnta a chur ar fáil chun go bhféadfadh duine faoi mhíchumas:

- rochtain a fháil ar fhostaíocht;
- páirt a ghlacadh i bhfostaíocht nó dul chun cinn i bhfostaíocht; nó
- tabhairt faoi oiliúint.

Níl dualgas ann sin a dhéanamh dá gcruthódh an freastal ualach díréireach ar an bhfostóir.

## Céard is freastal réasúnta ann?

Is bearta éifeachtacha agus praiticiúla é an freastal réasúnta a dhéanann an fostóir chun a n-áit oibre a chur in oiriúint, lena n-áirítear:

- áitreabh agus trealamh a chur in oiriúint;
- patrúin an ama oibre;
- dáileadh tascanna; nó
- soláthar acmhainní oiliúna nó comhtháthaithe.

Níl sé de dhualgas ar an bhfostóir aon chóir, saoráid ná rud a chur ar fáil a chuirfeadh an duine ar fáil dó féin go hiondúil nó go mbeadh sé réasúnach go gcuirfeadh sé féin ar fáil é.



## Céard is ualach díréireach ann?

Nuair atáthar ag cinneadh an gcruthódh na bearta ualach díréireach, cuirtear san áireamh:

(a) na costais airgeadais agus costais eile lena mbaineann;

(b) méid agus acmhainní airgeadais ghnólacht an fhostóra; agus

(c) an fhéidearthacht go bhfaighfí cistiú poiblí nó cúnamh eile.

# GNÍOMHAÍOCHT DHEARFACH

Anuas ar idirdhealú a chosc, tá sé d'aidhm freisin ag na hAchtanna comhionannas iomlán i gcleachtas a chinntiú trí gníomhaíochtaí dearfacha (.i. déileáil níos fabhraí le daoine atá difriúil faoi cheann de na forais).

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin gur féidir le fostóirí beartais agus cleachtais shonracha a ghlacadh agus a chothú chun míbhuntáistí a bhaineann le haon fhoras a chosc nó a chúiteamh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, uaireanta oibre solúbtha a sholáthar, ríomhoibriú, nó intéirneachtaí oibre agus/nó cláir oiliúna a thairiscint, nó sochair oibre eile a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas.

# ÍOSPAIRT

Tá sé in aghaidh an dlí d'fhostóir pionós a ghearradh ar fhostaí as gearán a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015 nó na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018. Tarlaíonn íospairt nuair a bhriseann an fostóir fostaí as a phost nó nuair a chaitheann an fostóir go dona ar bhealach eile le fostaí mar gheall ar:

(a) gearán faoi idirdhealú a chuireann an fostaí faoi bhráid an fhostóra;

(b) aon imeachtaí le gearánach;

(c) fostaí a rinne ionadaíocht ar ghearánach nó a thacaigh ar bhealach éigin le gearánach;

(d) obair fostaí a chur i gcomparáid le hobair fostaí eile, ar mhaithe le haon chuspóir sna hAchtanna sin, nó aon achtachán a aisghaireadh leis na hAchtanna sin;

(e) fostaí a bhí ina fhinné in aon imeachtaí faoi na hAchtanna sin nó aon achtachán aisghairthe mar sin;

(f) fostaí a chuir go dleathach i gcoinne gnímh atá neamhdhleathach faoi na hAchtanna sin nó aon achtachán aisghairthe mar sin; nó

(g) fostaí a thug fógra nó rún aon cheann de na gníomhartha in ailt (a) go (f) thuas a dhéanamh.



# DLITEANAS IONADACH

Tá fostóirí freagrach as aon ghníomh idirdhealaithe a dhéanann fostaí nó tríú páirtithe (ar nós úsáideoirí seirbhíse, conraitheoirí agus teagmhálaithe gnó eile) i rith na fostaíochta.

Ach is féidir leis an bhfostóir é féin a chosaint trína chruthú gur thóg sé bearta indéanta go réasúnach chun an t-idirdhealú a chosc.

# FÓGRAÍOCHT IDIRDHEALAITHEACH

Tá cosc ar fhógra nó ráiteas a bhaineann le fostaíocht a fhoilsiú, a thaispeáint, nó a chur faoi deara go bhfoilseofaí nó go dtaispeánfaí é, a chuireann in iúl go mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh nó go bhféadfaí a thuiscint le réasún uaidh go bhfuil sé sin beartaithe.

Tá sé de chumhacht ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('IHREC') gearán faoi fhógraíocht idirdhealaitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre lena bhreithniú.

Is comhlacht gar-bhreithiúnach é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh chun líomhaintí faoi idirdhealú a fhiosrú, a idirghabháil, a éisteacht agus a chinneadh.



# Díolúintí

# DÍOLÚINTÍ

Tá an cosc ar idirdhealú faoi réir roinnt díolúintí ginearálta agus bunaithe ar fhorais.

Tá sé d'aidhm leis an leabhrán seo eolas a thabhairt faoi na díolúintí is coitianta agus ní thugtar liosta cuimsitheach díolúintí dá bhforáiltear sna hAchtanna.

## Díolúintí i gcás gach cineáil fostaíochta

### Inniúlacht agus cumas

Ní chaithfidh fostóir duine a fhostú nach ndéanfaidh na dualgais nó nach bhfuil sách cumasach nó inniúil chun an post a dhéanamh.

Ach tá duine faoi mhíchumas sách cumasach agus inniúil chun aon dualgais a dhéanamh, dá mbeadh an té sin sách cumasach agus inniúil ach freastal réasúnta a fháil ón bhfostóir.

### Cáilíochtaí oideachais, teicniúla nó gairmiúla

Ceadaíonn na hAchtanna riachtanais maidir le cáilíochtaí sonraithe oideachais, teicniúla nó gairmiúla a bheith ag iarratasóir más cáilíochtaí iad a nglactar go ginearálta leo le haghaidh an phoist sin.

### Sochair do theaghlach fostaí

Ceadaíonn na hAchtanna sochair áirithe a chur ar fáil do theaghlaigh fostaithe agus imeachtaí teaghlaigh agus maidir le soláthar cúraim leanaí nó soláthar cúraim eile.



## Díolúintí i gcás riachtanais ghairme agus cineálacha áirithe fostaíochta

### Oifigigh nó searbhóntaí an Stáit

Ní idirdhealú é faoi na hAchtanna má éilíonn fostóirí na státseirbhíse, an Garda Síochána, na Fórsaí Cosanta agus an státseirbhís ghinearálta ina measc, go gcomhlíonfadh fostaithe na riachtanais seo ar fad nó aon cheann díobh – áit chónaithe, saoránacht agus cumas Gaeilge.

### Múinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna

Ceadaítear aon fhoráil maidir le cumas Gaeilge a chur i bhfeidhm.

### Na Fórsaí Cosanta

Tá díolúine ann ar na forais aoise agus mhíchumais.

### Fostaíocht in áit chónaithe duine eile chun seirbhísí pearsanta a chur ar fáil

Tá díolúine ann maidir le rochtain ar fhostaíocht mar sin. Ach ní bhaineann an díolúine sin le réimsí eile ar nós coinníollacha fostaíochta srl.

### Fostaíocht sa Gharda Síochána nó sa tSeirbhís Phríosúnachta

Féadfaidh an Garda Síochána agus an tSeirbhís Phríosúnachta cúraimí áirithe a shannadh ar fhir nó ar mhná amháin. Baineann na cúraimí sin le ceisteanna príobháideachais, ar nós cuardach coirp, príosúnaigh fhoréigneacha a chur faoi smacht agus círéibeacha a chur faoi chois, srl.

Tá díolúintí ann maidir le critéir dhifriúla airde a chur i bhfeidhm d'fhir agus do mhná agus chun líon leordhóthanach fear nó ban a choinneáil sa Gharda Síochána nó sa tSeirbhís Phríosúnachta.

## Díolúintí bunaithe ar fhorais

### Gach foras – riachtanas gairme

Ceadaíonn na hAchtanna difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le daoine atá bunaithe ar shaintréith a bhaineann le ceann de na naoi bhforas, más féidir leis an bhfostóir a léiriú:

1. gur fíor-riachtanas gairme cinntitheach é an tsaintréith; agus
2. go bhfuil fíor-údar leis an gcuspóir; agus
3. go bhfuil an riachtanas cuí agus cóir.

### An foras inscne agus an foras stádais shibhialta

Ceadaítear difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le daoine má chruthaítear sochair do mhná dá bharr a bhaineann le toircheas agus cúrsaí máithreachais, cothú cíche ina measc.

Ní idirdhealú ar an bhforas stádais shibhialta aon rud a dhéantar a chomhlíonann forálacha na reachtaíochta um Chosaint Mháithreachais agus um Shaoire Uchtaíoch.

### An foras aoise

Ceadaíonn na hAchtanna difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le fostaithe ar an bhforas aoise i gcúinsí áirithe:

- Féadfaidh fostóir íos-aois suas le 18 mbliana d'aois a shocrú nuair atá post le líonadh.
- Féadfaidh fostóir aoiseanna difriúla a shocrú do scor fostaithe más féidir an aois scoir a chosaint go hoibiachtúil le haidhm dhlisteanach agus go bhfuil an chaoi a bhfuil an aidhm sin á baint amach cuí agus riachtanach.
- Féadfaidh fostóir conradh ar théarma seasta a thairiscint do dhuine os cionn na haoise scoir éigeantaí más féidir é a chosaint go hoibiachtúil le haidhm dhlisteanach agus go bhfuil an chaoi a bhfuil an aidhm sin á baint amach cuí agus riachtanach.
- Féadfaidh sochair ghairme (ar nós sochair leighis, nó pá iomarcaíochta) a bheith difriúil le haghaidh fostaithe ar leith, bunaithe ar a n-aois. Ach níl an difríocht sa chaoi a ndéileáiltear le daoine ceadaithe ach faoi bhforas aoise.
- Má fhoráiltear le téarma i gcomhaontú comhchoiteann go gcaithfí le fad seirbhíse mar chomhionann seachas sin, féadfar sinsearacht a chinneadh bunaithe ar aois choibhneasta na bhfostaithe.
- Ní idirdhealú faoi na hAchtanna aon rud a dhéantar a chomhlíonann an dlí fostaíochta, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996 agus an tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000.

### An foras aoise agus an foras cine

Ceadaítear difríocht sa chaoi a ndéileálann comhlachtaí gairme nó oiliúna le daoine maidir le táillí agus áiteanna a leithroinnt ar dhaoine ar saoránaigh Éireannacha nó náisiúnaigh AE iad agus orthu siúd nach ea.

Ceadaítear difríocht sa chaoi a ndéileálann comhlachtaí gairme nó oiliúna le daoine maidir le cúnamh do chatagóirí áirithe daoine trí urraíochtaí, scoláireachtaí, sparánachtaí fad is go bhfuil údar réasúnach leis an gcúnamh sin ag féachaint do cúinsí traidisiúin agus staire.

Ceadaítear difríocht sa chaoi a ndéileálann ollscoileanna nó institiúidí tríú leibhéal eile le daoine maidir le háiteanna a leithroinnt ar mhic léinn aibí.

### An foras creidimh

Féadfaidh institiúidí áirithe creidimh, oideachais agus leighis caitheamh déileáil ar bhealach níos fabhraí, ar an bhforas creidimh, le fostaí nó fostaí ionchasach, i gcás gur réasúnach sin a dhéanamh d'fhonn éiteas creidimh na hinstitiúide a chothú.

Ach ní fhéadfaidh institiúid oideachais ná leighis a mhaoinítear go hiomlán nó i bpáirt le cistí poiblí déileáil ar bhealach níos fabhraí, ar an bhforas creidimh, le duine seachas;

i. más féidir leis an institiúid a léiriú go dteastaíonn an difríocht mar gheall ar ghníomhaíochtaí na hinstitiúide, agus dá bhrí sin gur riachtanas gairme ceart, dlisteanach agus údaraithe é reiligiún nó creideamh an fhostaí nó an fhostaí ionchasaigh, ag féachaint d'éiteas na hinstitiúide; agus

ii. caithfidh an institiúid a chinntiú nach ionann an difríocht sa chaoi a ndéileáiltear leis an duine agus idirdhealú ar aon fhoras idirdhealaithe eile.

Anuas air sin, féadfaidh na hinstitiúidí sin áiteanna a chur ar leataobh ar chúrsaí áirithe teagaisc agus altranais ar fhorais creidimh má mheasann na húdaráis oideachais agus sláinte go bhfuil gá réasúnach lena chinntiú go gcothaítear an t-éiteas creidimh.

### An foras cine

Tá díolúine ann i gcás aon ghnímh a dhéantar de réir an Achta um Cheadanna Fostaíochta 2003–2014.

### An foras míchumais

Tá díolúine ann i gcás soláthair ráta áirithe luacha saothair d'obair a ndéantar cur síos faoi leith air sa chás, mar gheall ar mhíchumas, go mbeadh an méid oibre a dhéantar i rith tréimhse faoi leith níos lú ná an méid oibre dá leithéid a dhéanfaí nó a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go ndéanfaí sa tréimhse sin dá mb'fhostaí nach bhfuil faoi mhíchumas a bhí ina bhun.



# Éileamh a Dhéanamh

# ÉILEAMH A DHÉANAMH

Má cheapann tú go ndearnadh idirdhealú ort faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, tá ról ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag na cúirteanna (i gcás achomhairc) maidir le héilimh a dhéanamh faoi na hAchtanna.

Caithfear gach éileamh (seachas éilimh faoi idirdhealú inscne) a chur chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar dtús. Is féidir éileamh faoi idirdhealú inscne a dhéanamh leis an gCúirt Chuarda.

Pléitear na céimeanna a bhaineann le héileamh a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre anseo thíos. Is féidir eolas níos sonraí a fháil faoin bpróiseas a bhaineann le héileamh a dhéanamh ach glaoch ar Líne Faisnéise agus Seirbhísí do Chustaiméirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre: Íosghlao **1890 80 80 90**. G: **059 9178990**.




## Céim 1: Fógra i Scríbhinn

**An ceart faisnéis a chuardach**

Féadfaidh duine ar bith a chreideann go ndearnadh idirdhealú air scríobh chuig an té a ndearna idirdhealú air dar leis. Féadfar faisnéis faoi leith a iarraidh chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh ar cheart éileamh a dhéanamh nó nár cheart. Níl dualgas ar fhostóirí freagra a thabhairt, ach mura bhfreagraíonn fostóir nó má thugtar faisnéis bhréagach, mhíthreorach nó easnamhach, d'fhéadfadh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre tátal a bhaint as sin mar is cuí.

Níl dualgas ar fhostóir faisnéis rúnda a nochtadh.

Má tá faisnéis á hiarraidh agat ó d'fhostóir, féadfaidh tú an fhoirm ábhartha a fháil in Ionstraim Reachtúil Uimh. 321/1999 – an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 (alt 76: Ceart chun faisnéise), 1999, ag Sceideal A.

Tá an fhoirm ar fáil ar líne ar **www.statutebook.ie**

## Céim 2: Éileamh a Dhéanamh

Caithfear éileamh faoi idirdhealú nó ciapadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre laistigh de shé mhí ón ngníomh idirdhealaithe deiridh. Féadfaidh Stiúrthóir an Choimisiúin sin an teorainn sé mhí a shíneadh 'ar chúis réasúnach'.

Tá ceanglais shonracha nós imeachta i gceist i gcás éilimh idirdhealaithe Choimisinéirí na Státseirbhíse, na gCoimisinéirí um Cheapacháin Áitiúla, an Aire Cosanta agus Choimisinéir an Gharda Síochána.

Féadfaidh tuismitheoir, caomhnóir nó duine eile atá ag feidhmiú in áit tuismitheora, gníomhú mar an gearánach, sa chás nach bhfuil an duine ar a ndearnadh idirdhealú in ann tabhairt faoi éileamh go héifeachtach mar gheall ar mhíchumas intleachtúil nó síceolaíochta.

**Éilimh inscne**

Is féidir éilimh faoin bhforas inscne a thionscnamh sa Chúirt Chuarda. Níl aon teorainn ar an méid cúitimh is féidir leis an gCúirt Chuarda a ordú. Ach, murab ionann agus éilimh a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, féadfar costais dhlíthiúla a bhronnadh in aghaidh an pháirtí nach n-éiríonn leis sa Chúirt Chuarda.



## Céim 3: Ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

**Idirghabháil**

Féadfaidh Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre oifigeach idirghabhála a cheapadh ag céim ar bith, le toiliú an dá pháirtí. Má chomhaontaítear réiteach trí idirghabháil, tá na téarmaí infheidhmithe le dlí.

**Breithniú**

Má chuireann ceachtar páirtí in aghaidh na hidirghabhála nó mura n-éiríonn leis an bpróiseas idirghabhála, cuirfear an cás faoi bhráid oifigeach breithnithe de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre lena imscrúdú agus a chinneadh.

Féadtar an breithniú a bhunú ar fhianaise scríofa an dá pháirtí nó d'fhéadfadh éisteacht ó bhéal a bheith i gceist leis. Eiseoidh an t-oifigeach breithnithe cinneadh atá ina cheangal de réir an dlí.

Foilseofar cinntí na n-oifigeach breithnithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus ainmnítear na páirtithe go hiondúil. Ach féadfaidh gearánach iarratas a dhéanamh ag an éisteacht go gcoinneofaí na páirtithe faoi rún. D'fhéadfaí é sin a iarraidh i gcás ina bhfuil riocht sonrach leighis ar an ngearánach nach dteastaíonn uaidh a chur ar shúile an phobail, mar shampla. Ach is faoi oifigeach breithnithe an ghearáin a chinneadh an gcoinneofar na páirtithe faoi rún.

### Éileamh a dhíbhe

Is féidir cásanna a scriosadh amach tar éis bliana má chinneann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre nach bhfuiltear ag tabhairt fúthu.

Féadfaidh Stiúrthóir an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre éileamh a dhíbhe ag am ar bith má chreidtear:

- go ndearnadh an t-éileamh de mheon mímhacánta; nó
- go bhfuil an t-éileamh suaibhreosach nó cráiteach; nó
- go bhfuil an t-éileamh aincheaptha; nó
- go mbaineann an t-éileamh le ní fánach.

### Ionadaíocht agus costais

Féadfaidh gearánaigh ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir, ceardchumann nó ionadaí eile. Ní bhronntar costais. Féadfar speansais a bhronnadh as taisteal agus speansais eile (seachas speansais ionadaithe) má chuireann duine cosc nó bac ar an imscrúdú nó achomharc.

### Leigheasanna

Nuair a thugann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre breith i bhfabhar gearánaigh, is féidir na horduithe seo a leanas a dhéanamh:

- I gcás éileamh faoi phá comhionann, ordú le haghaidh pá comhionann agus riaráiste le haghaidh tréimhse nach faide ná trí bliana;
- I gcásanna eile, is féidir a ordú go gcaithfí go comhionann le daoine agus go n-íocfaí cúiteamh as éifeachtaí an idirdhealaithe a chuimseoidh pá dhá bhliain ar a mhéad, nó €40,000 (cibé acu is airde) nó €13,000 sa chás nach fostaí an gearánach (mar shampla, má bhaineann an gearán le hearcú).
- Ordú le haghaidh athfhostú nó athfhruiliú, i dteannta nó d'éagmais ordaithe le haghaidh cúitimh;
- Ordú go ndéanfadh duine nó daoine ainmnithe gníomh sonraithe.



# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# COIMISIÚN NA HÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS

Tá sainordú reachtúil ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an Coimisiún) cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint agus oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

## Do Chearta

Is féidir leis an gCoimisiún eolas a thabhairt duit faoi do chearta agus na réitigh atá ar fáil duit faoin dlí um chomhionannas agus cearta an duine in Éirinn. Áirítear leis sin eolas faoi:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018
- Cosaintí Chearta an Duine a thagann faoi dhlí na hÉireann
- Na hAchtanna Deochanna Meisciúla 2003–2008
- Cearta saorghluaiseachta oibrithe san Aontas Eorpach

Tá eolas ar fáil ar ár suíomh gréasáin ar **www.ihrec.ie**. Is féidir eolas a iarraidh freisin ar an bhfón, ar ríomhphost nó sa phost ó:

**Do Chearta**
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
16-22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7
D07 CR20

**Teagmháil:**
Íosghlao: 1890 245 545
Guthán: +353 1 8583000
Ríomhphost: YourRights@ihrec.ie
Suíomh gréasáin: **www.ihrec.ie**



**Tá seirbhís gutháin ag Do Chearta ag na hamanna seo a leanas:**

Luan go hAoine: 9rn–1in agus 2in–5in

**Áirítear leis na leabhráin eile sa tsraith seo:**

*Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018: Treoir faoi do chearta má dhéantar idirdhealú ort nuair atá earraí nó seirbhísí á rochtain*

## Cúnamh Dlí

Féadfaidh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas cúnamh dlí a thabhairt don phobal i gcás imeachtaí dlí áirithe.

Caithfidh baint a bheith ag na himeachtaí dlí le hidirdhealú faoi achtacháin comhionannais nó an dlí i leith chearta an duine atá i bhfeidhm faoi dhlí na hÉireann.

Sula gcinneann Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an féidir leis cúnamh dlí a thabhairt, ní mór dó a mheas:

- an bhféadfaí cúnamh dlí a fháil ar bhealach eile, lena n-áirítear faoin scéim um chúnamh dlí sibhialta nó um chúnamh dlí coiriúil; agus
- an bhfuil an chumhacht chun sásamh a bhronnadh nó faoiseamh a thabhairt ag binse nó duine eile, comhlacht reachtúil eile mar shampla.

Fiú má chomhlíonann iarratasóir na critéir thuasluaite ar fad, ní thabharfaidh an Coimisiún cúnamh dlí mura gcomhlíontar critéir bhreise reachtúla áirithe, lena n-áirítear mar shampla an dtarraingíonn na himeachtaí ceist prionsabail anuas nó an measann an Coimisiún go bhfuil sé míréasúnach a bheith ag súil go bpléifeadh an duine leis an gcás gan cúnamh an Choimisiúin mar gheall ar chomh casta agus atá sé. Measfaidh an Coimisiún freisin a mhéid maoinithe atá ar fáil agus impleachtaí eile ar acmhainní nuair atáthar ag cinneadh an féidir cúnamh dlí a thabhairt i gcás ar bith.

Ghlac an Coimisiún le treoirlínte chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlí, atá ar fáil ar **www.ihrec.ie**. Tá tuilleadh eolais faoi fheidhm cúnaimh dlí an Choimisiúin sna treoirlínte sin agus faoin bpróiseas a bhaineann leis.

Mura dtugann an Coimisiún cúnamh dlí nó mura bhfuil sé in ann é a thairiscint, féadfaidh an duine cás a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre fós. Féadfaidh gearánach ionadaíocht a dhéanamh air féin nó ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir, ceardchumann nó ionadaí eile.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

**16 – 22 Sráid na Faiche,**
**Baile Átha Cliath, D07 CR20**
16 – 22 Green Street,
Dublin, D07 CR20

**Íosghlao**/Lo-Call 1890 245 245
**Guthán**/Phone + 353 (0) 1 858 3000
**Ríomhphost**/Email info@ihrec.ie
**Idirlíon**/Web www.ihrec.ie
@_ihrec